
LÍONRA TAISTIL GNÍOMHACH
BHAILE ÁTHA CLIATH



# Scéim Feabhsaithe Coisithe agus Rothaithe Átha an Ghainimh Chluain Sceach chuig Sráid Charlemont

## BILEOG EOLAIS







## CAD ATÁ SA BHILEOG SEO?


1 Cuspóirí agus Buntáistí na Scéime
2 Achoimre ar an Tionscadal
3 Léirshamhlú & Clíníochtaí Tionscadail
4 Bainistíocht Tráchta
5 Conas is féidir dul i dteagmháil dúinn
6 Eolas is Déanaí


## 1 RÉAMHRÁ

Tá an tionscadal Scéime Feabhsaithe Coisithe agus Rothaithe (SC2C) Átha an Ghainimh Chluain Sceach chuig Sráid Charlemont (SC2C) mar chuid de chroí-líonra taistil gníomhach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (CCBÁC), agus tá sé á maoiniú ag an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA). Soláthróidh sé 3km d'áiseanna siúil agus rothaíochta d'ardchaighdeán mar aon le feabhsaithe suntasacha ar an gceantar uirbeach do mhéid an bhealaigh ó Bhóthar Chluain Sceach go Sráid Charlemont, ag síneadh ón Dothra feadh Bhóthair Átha an Ghainimh, Raghnallach, Bóthar Raghnallach agus Sráid Charlemont go dtí an t-acomhal Bhóthair Fhearchair. Is príomh-bhealach é ar Phlean Ghréasán Rothaíochta Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Áirítear leis an tionscadal feabhsaithe ar an réimse poiblí, trasrianta coisithe le comharthaí agus glasú an bhealaigh.

### AMLÍNE

| R1 2023 | R2 2023 | 2023 | R4 2024 | R4 2026 |
|---|---|---|---|---|
| Comhairliúchán Pobail | Pleanáil agus Dearadh | Céim 1 (Scéim Eatramhach) Tógáil | Céim 2 (Buan) Tosú na Tógála | Críochnú Scéime na Tógála |


Tionscadal Éireann Project Ireland 2040
NTA Údarás Náisiúnta Iompair National Transport Authority
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Dublin City Council



Léiriú Ealaíontóra den scéim eatramhach

## CUSPÓIRÍ AGUS BUNTÁISTÍ NA SCÉIME

Na cuspóirí agus buntáistí na scéime:

- Tá líonra siúil-rotha-rothaíochta níos sábháilte, cuimsitheach agus inbhuanaithe á fhorbairt ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
- Feabhsóidh sé seo cáilíocht na beatha trí rochtain, nascacht agus soghluaisteacht inbhuanaithe a fheabhsú do chách, agus astaíochtaí carbóin a bhaineann le hiompar á laghdú ag an am céanna.
- Cur le méadú ar shiúlóid agus rothaíocht feadh na conaire trí rochtain ar phríomh-chinn scríbe oideachais, fostaíochta, miondíola agus iompair a fheabhsú. Nascann an scéim, an Coláiste Ollscoile, Bhaile Átha Cliath le Lár na Cathrach Theas áit a bhfuil Faiche Stiabhna, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, agus Coláiste na Tríonóide, i measc na bpríomh-dhíol suntais eile, suite. Freastalóidh an bealach freisin ar scoileanna áitiúla mar Scoil Náisiúnta Pharóiste Átha an Ghainimh, Scoil Náisiúnta Naomh Mhuire, Scoil Pháirc Sandford, Coláiste Gonzaga SJ, Páirc Mhucrois agus eile.
- Déanfaidh an Scéim SC2C seirbhís do thrácht fóillíochta, scoile agus comaitéireachta chun gluaiseachtaí chuig ionaid siopadóireachta agus oibre feadh Bhóthair Átha an Ghainimh agus Raghnallach a éascú.
- An baol imbhuailte coisithe agus rothaithe a laghdú trí scaradh ó thrácht, suíomhanna trasnaithe feabhsaithe agus coimhlint a íoslaghdú.
- Leibhéil mhéadaithe de ghníomhaíocht fhisiciúil agus úsáid fóillíochta feadh na conaire a spreagadh trí bhealach sábháilte, ardchaighdeáin agus tarraingteach a sholáthar do rothaithe agus do choisithe araon.
- Seachadadh Phlean Ghréasán Rothaíochta Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (GDA) a éascú trí áiseanna rothaíochta leanúnacha leithscartha a sholáthar ó Dhroichead Chluain Sceach go Sráid Charlemont.

Seachadfar an Tionscadal SC2C in dhá chéim difriúil. Scéim Eatramhach a sholáthrófar in 2023 a bheidh sa chéad chéim. Is buanscéim é an dara céim a sheachadfar idir 2024 agus 2026.

Tá buntáiste ag an gcur chuige céimnithe seo:

- Go gcuirtear bearta sábháilteachta feabhsaithe i bhfeidhm níos luaithe.
- Ó thaobh solúbthachta chun mionathruithe a cheadú ar an leagan amach más ga sula dtógtar na gnéithe buana.

## 2 ACHOIMRE AR AN TIONSCADAL

### Scéim Eatramhach

Bainfidh an Scéim Eatramhach úsáid as bearta scartha solais cosúil le colbhaí solúbtha agus mullaird chun cosaint shealadach a sholáthar do rothaithe ó thrácht feithiclí. Leanfaidh an Scéim Eatramhach leagan amach an bhuan-thionscadal atá beartaithe nuair is féidir. Soláthróidh an scéim na nithe seo a leanas:

- Áiseanna rothaíochta leithscartha a sholáthar feadh faid iomlán na scéime 3km.
- Feabhsú Stad Bus a sholáthar le leagan amach Stad Bus Oileáin i Sráidbhaile Raghnallach.
- Gach áis pháirceála do dhaoine faoi mhíchumas a choinneáil.

Is féidir tuilleadh eolais faoin scéim eatramhach a fháil ar suíomh gréasáin Leathanaigh Taistil Gníomhaigh Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

### Buanscéim

Soláthróidh Tionscadal SC2C buanbhonneagar mar seo a leanas:

- Feabhsaithe cosáin 3km & áiseanna rothaíochta leithscartha a sholáthar.
- Feabhsaithe suntasacha ar an Réimse Uirbeach a sholáthar.
- 38 crann nua a sholáthar agus 19 crann atá ann cheana féin le baint.
- 11 uasghrádú Acomhail nua a sholáthar.
- 17 trasrian coisithe (breise) a sholáthar

## 3 LÉIRSHAMHLÚ & LÍNÍOCHTAÍ TIONSCADAIL

Tá líníochtaí dearaidh an Tionscadail SC2C curtha ar fáil le breathnú orthu ag:

- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Bloc 1, Urlár 0, Oifigí Cathartha, Cé an Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, D08 RF3F
- Leabharlann Ráth Maonais, Bóthar Ráth Maonais Íochtarach, Bóthar Laighean, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6, D06 K2K6
- www.dublincity.ie/activetravel




Léiriú Ealaíontóra den scéim bhuan



Léiriú Ealaíontóra den scéim bhuan

## 4 BAINISTÍOCHT TRÁCHTA

Táthar ag súil go dtabharfar faoi na hoibreacha suiteála ar an scéim eatramhach in 2023. Chun an scéim a sheachadadh cuirfear isteach ar thrácht sa cheantar go sealadach. Déanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, i gcomhar lenár dteagmhálaí, gach iarracht é seo a íoslaghdú oiread agus is féidir.

## 5 CONAS IS FÉIDIR DUL I DTEAGMHÁIL DÚINN

Táimid ag iarraidh rannpháirtíocht an phobail ar mholtaí na scéime reatha. Más mian leat tuilleadh eolais a fháil nó aighneacht a dhéanamh chuí CCBÁC ar Thionscadal SC2C, féach ar na roghanna thíos, le do thoil:

www.dublincity.ie/activetravel (déan an cód QR a scanadh le do thoil)

activetraveloffice@dublincity.ie leis an ábhar: SC2C Project

Comhairle Bhaile Átha Cliath, Oifig an Chláir Taistil Ghníomhaigh, Bloc 1, Urlár 6, Cé an Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, D08 RF3F

Oifig an Chláir Taistil Ghníomhaigh: 01 222 2536

## 6 EOLAS IS DÉANAÍ

Tá sé mar aidhm ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath eolas shoiléir a sholáthar do chónaitheoirí, gnólachtaí agus páirtithe leasmhara ábhartha feadh bhealaigh Thionscadail SC2C ionas go gcuirfear an tionscadal i gcrích ar bhealach a chuireann isteach is lú ar chách. Tá Suíomh Gréasáin an Tionscadail á fhorbairt lena n-áirítear doiciméad Ceisteanna Coitianta (CCanna). Coimeádfar iad seo ar feadh céimeanna dearaidh an tionscadail ionas go mbeidh rochtain ag páirtithe leasmhara ar eolas a nuashonraítear go rialta ar stádas agus ar dhul chun cinn an tionscadail.